

<b>Preasráiteas</b>	<b>Tuilleadh eolais:</b>	
Press Release	<a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a>	
06.05.2025	<b>097-29023</b>	

## **Seoirsín Bashford ceaptha ina hoifigeach pleanála teanga ag Gaeilge Iorrais**

Tá Seoirsín Bashford ceaptha ina hoifigeach pleanála teanga ag Gaeilge Iorrais mar chuid de shocrú post-roinnte i gcomhar leis an Dr Laoise Ní Dhúda. Tá Éimear Ní Ghallachóir ag obair mar oifigeach pleanála teanga lánaimseartha le Gaeilge Iorrais ó mhí Aibreáin 2024 nuair a ceadaíodh an dara post don limistéar mór scaipthe seo.

Is as Ceathrú na gCloch, Ceathrú Thaidhg ó dhúchas í Seoirsín ach tá roinnt blianta caite aici ag staidéar agus ag obair i gcathair na Gaillimhe. D'fhreastal Seoirsín ar Ollscoil na Gaillimhe, áit gur bhain sí bunchéim amach sa Ghaeilge agus sa drámaíocht, amharclannaíocht agus taibhiú, chomh maith le máistreacht sa Nua-Ghaeilge. Le linn a cuid ama ag obair i nGaillimh, dhírigh Seoirsín ar obair laistigh de phobal na Gaeilge trí cheardlanna agus imeachtaí a éascú, trí mhúineadh agus trí amharclannaíocht a chruthú. Cuireann Seoirsín an-chuid suime sna healaíona mar mhodh chun oibriú leis an nGaeilge, ach go háirithe, ina drámaíocht féin agus i measc na n-óg. Tá ríméad ar Sheoirsín a bheith ag obair ina Gaeltacht féin agus a bheith ag plé le forbairt na Gaeilge sa cheantar seo. Tá suim faoi leith ag Seoirsín i gcanúintí na háite seo agus i gcur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail.

Tá Gaeilge Iorrais, an coiste stiúrtha pleanála teanga in iarthuaisceart Mhaigh Eo, freagrach as borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge sa cheantar Gaeltachta seo de réir a chéile. Tá Gaeilge Iorrais sa seachtú mbliain de chur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag Gaeilge Iorrais, a bhuíochas le tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail, díograis an choiste agus na foirne pleanála teanga.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

# GAEILGE IORRAIS

Tá clár imeachtaí an tsamhraidh á socrú againn faoi láthair. I measc na n-imeachtaí atá ar bacáin againn tá; Éigse in onóir do Chaitlín agus Mícheál Uí Sheighin (i gcomhar le Comhar Dún Chaocháin), ceardlanna do dhaoine óga (réimse an chultúir agus an spóirt i gcomhar le CLG Chill Chomáin), parkrun abú i gcomhar le Erris Park Run, seisiúin cheoil agus amhránaíochta i gcomhar le Craobh Iorrais de Chomhaltas, togra '1,2 Spraoi' i gcomhar le *Fighting Words* agus mar sin de.

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine agus le chuile heagraíocht a thugann tacaíocht dúinn agus muid ag súil le bliain dhearfach eile don Ghaeilge sa Ghaeltacht seo. Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook, Instagram agus Twitter @GaeilgeIorrais agus ar [www.gaeilgeiorrais.ie](http://www.gaeilgeiorrais.ie) don nuacht is déanaí. Tá seoltaí ríomhphoist úra ag na hoifigigh pleanála teanga, mar seo a leanas:

Éimear – [eimear@gaeilgeiorrais.ie](mailto:eimear@gaeilgeiorrais.ie)

Seoirsín – [seoirsin@gaeilgeiorrais.ie](mailto:seoirsin@gaeilgeiorrais.ie)

Laoise – [laoise@gaeilgeiorrais.ie](mailto:laoise@gaeilgeiorrais.ie)

Fáilte romhat a bheith i dteagmháil linn chun níos mó eolais a fháil faoin obair seo, chun spéis a chlárú linn agus/nó chun moltaí ábhartha a roinnt linn.



· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.